**RABHADH**
**NÍ MÓR duit an ceistpháipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar ag deireadh an scrúdaithe, nó caillfear marcanna.**

**Scríobh do Scrúduimhir anseo:** ☞

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2008

# Gnó – Ardleibhéal

**(400 marc)**

**DÉ MÁIRT, 10 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 p.m. go dtí 5.00 p.m.**

**NÍ MÓR d'IARRTHÓIRÍ NA CEISTEANNA SEO A FHREAGAIRT:**

**(A)** **Ocht gceist as ROINN 1**

**AGUS**

**(B)** **An Cheist ar an nGnó Feidhmeach i ROINN 2**

**AGUS**

**(C)** **Ceithre cheist as ROINN 3 mar a leanas:**
**Ceist amháin as Cuid 1,**
**Dhá cheist as Cuid 2**
**agus ceist amháin eile as Cuid 1 nó Cuid 2.**
**Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.**

| C. | Marc |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| Iomlán | |

**Tabhair faoi deara, le do thoil, dáileadh na marcanna ar na ceisteanna.**
**Ceadaítear áireamháin a úsáid.**
**Déanamh agus Sórt an áireamháin a úsáideadh:**

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A THABHAIRT AR AIS LEIS AN bhFREAGARLEABHAR INA mBEIDH NA FREAGRAÍ AR ROINN 2 AGUS AR ROINN 3**

## ROINN 1
**(80 marc)**

## CEISTEANNA GEARRFHREAGRA

**Ní mór an roinn seo a fhreagairt. Freagair ocht gceist. Tá 10 marc ag gabháil le gach ceist.**

**Cuir an ceistpháipéar seo ar ais, le do thoil, in éineacht le do fhreagarleabhar.**

**1.** (a) Is éard is infhiontraíocht ann ná:

(b) Luaigh **dhá** shampla den infhiontraíocht:

(i)

(ii)

**2.** Maidir le dlí na gconarthaí déan idirdhealú idir na téarmaí 'tairiscint' agus 'cuireadh chun déileála'.

**3.** Taispeáin an difríocht atá idir Caipiteal Oibre agus Caipiteal Cothromais.

**4.** (a) Mínigh an bhrí atá leis an téarma 'Geilleagar Oscailte'.

(b) Tabhair breac-chuntas ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar fhorbairt eacnamaíochta na hÉireann.

**5.** Dréachtaigh Clár tipiciúil i gcomhair an CGB i gCuideachta Phríobháideach Theoranta.

*Clár*

1.

2.

3.

4.

5.

**6.** Déan idirdhealú idir Pleanáil Straitéiseach agus Pleanáil Oirbheartaíoch. Tabhair sampla **amháin** i ngach cás.

**7.** (a) Sainaithin foinse oiriúnach airgeadais le veain seachadta a cheannach do ghnólacht nua.

(b) Tabhair **dhá** fháth le do rogha.

(i)

(ii)

**8.** (a) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann le tionscnaimh phobail i bhforbairt pobal áitiúil.

(i) ______________________________

______________________________

(ii) ______________________________

______________________________

(b) Luaigh **dhá** fheidhm atá ag FÁS **NÓ** ag na Boird Fiontair Chontae.

(i) ______________________________

______________________________

(ii) ______________________________

______________________________

**9.** Liostaigh **chúig** bhonn ar a bhfuil leithcheal i gcúrsaí **fostaíochta** eisreachtaithe in Éirinn.

(i) ______________________________

(ii) ______________________________

(iii) ______________________________

(iv) ______________________________

(v) ______________________________

**10.** (a) Bhí teach ag Seán Ó Néill arbh fhiú €350,000 é agus bhí sé faoi árachas €300,000 aige nuair a tharla páirtchaillteanas €63,000 de bharr tine. Ríomh an méid a íocfaidh an comhlacht árachais.
**(Taispeáin do chuid oibre.)**

| **Oibrithe** |
|---|
| |

(b) Ainmnigh an prionsabal árachais atá i gceist in (a) thuas.

______________________________

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A THABHAIRT AR AIS LEIS AN bhFREAGARLEABHAR INA mBEIDH NA FREAGRAÍ AR ROINN 2 AGUS ROINN 3.**

# ROINN 2
**(80 marc)**

**Is ceist éigeantach í seo bunaithe ar na hAonaid 5, 6 agus 7**

# Ceist ar an nGnó Feidhmeach

## An Chéad Toradh Tta

Táirgeann An Chéad Toradh Tta raon caoineog (*smoothies*), sú torthaí a dhéantar as torthaí brúite. D'aithin Máire Ní Riain, eolaí bia i dtionscal an bhia, go raibh bearna sa mhargadh do sholáthraí Éireannach a chuirfeadh deochanna nádúrtha déanta as torthaí ar fáil. Nuair a bhí am saor aici rinne sé baisc caoineog (*smoothies*) a tháirgeadh, agus chuir sí samplaí díobh ar fáil do shiopaí áitiúla. Thug na freagraí fabhracha a fuair sí ugach di, agus d'fhág sí a post agus bhunaigh sí An Chéad Toradh Tta sa bhliain 2001.

Tá an gnólacht bunaithe i lár na tíre agus faigheann sé a chuid torthaí úra ó fhoinsí áitiúla agus eachtracha. Nuair a thug An Chéad Toradh Tta infheisteoirí nua ar bord sa bhliain 2006, chuir sé ar chumas an chomhlachta infheistíocht a dhéanamh i bhfoirgneamh níos mó sa chaoi is go raibh sé ábalta a chumas táirgthe a dhúbailt. Tá beagnach €1 milliún brabúis ag an gcomhlacht agus tá tríocha duine fostaithe go lán-aimseartha anois aici.

Cuirtear na deochanna fuara i gcartáin de mhéideanna éagsúla atá deartha go tarraingteach agus a chuireann gnólacht áitiúil ar fáil. Seachadann veaineanna de chuid An Chéad Toradh Tta na táirgí chuig asraoin mhiondíola, siopaí cothaithe agus ionaid aclaíochta ar fud na tíre. De bhrí go ndíríonn Máire go sonrach ar tháirge den scoth a chur ar fáil tá ar a cumas praghas níos airde a bhaint amach ná na hiomaitheoirí. Tá de thoradh ar an infheistíocht bhliantúil sa taighde agus san fhorbairt go bhfuil leathnú tagtha ar an raon táirgí agus go bhfuil íomhá ghlas ag an ngnólacht. D'úsáid Máire ollmhargaí áitiúla ar dtús le tomhaltóirí a spreagadh chun na táirgí a bhlaiseadh. Tar éis roinnt ama leathnaíodh straitéisí margaíochta An Chéad Toradh Tta agus tá an branda comhcheangailte anois le 'Lá Náisiúnta an Chroí Fhholláin'.

Mar phríomhtháirgeoir Éireannach na gcaoineog (*smoothies*), ní dhealródh sé gur féidir breis leathnaithe a dhéanamh sa mhargadh beag Éireannach. Feiceann Máire go mbeadh ar a chumas an gnólachta a leathnú agus tá sí ag smaoineamh ar dhul isteach sa Ríocht Aontaithe ar dtús agus ina dhiaidh sin i margadh níos fairsinge an AE. Ós rud é gur eol di go bhfuil na costais in Éirinn ard agus gur earraí meatacha atá sa táirge tá Máire tar éis tosú ar straitéis easpórtála a fhorbairt. Tá An Chéad Toradh Tta tar éis cainteanna a thosú le sreang mór le rá de shiopaí miondíola bia chun a gcuid earraí a sholáthar ar shiopaí sa Ríocht Aontaithe. Feiceann Máire é seo mar dheis agus mar chéim riachtanach sula dtéann an gnólacht isteach i margadh níos fairsinge an AE.

**(A)** Déan measúnú ar na gnéithe den mheascadh margaíochta i gcás An Chéad Toradh Tta. (30 marc)

**(B)** Pléigh na buntáistí a chuireann An Chéad Toradh Tta ar fáil don gheilleagar áitiúil **agus** náisiúnta. Déan tagairt don téacs thuas i do fhreagra. (25 marc)

**(C)** Tá tusa ceaptha le comhairle a chur ar An gCéad Toradh Tta ar an mbealach isteach dóibh i margaí idirnáisiúnta. Tabhair breac-chuntas ar an anailís agat ar na deiseanna **agus** ar na dúshláin atá roimh An gCéad Toradh Tta, agus déan moladh cuí. (25 marc)

**(80 marc)**

# ROINN 3
**(240 marc)**

**Freagair <u>ceithre</u> cheist as Roinn 3 mar a leanas:**
**Freagair ceist <u>amháin</u> as Cuid 1, <u>Dhá</u> cheist as Cuid 2 agus ceist <u>amháin</u> eile as Cuid 1 nó Cuid 2.**
**Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.**

# Cuid 1
# Daoine sa Ghnó / Timpeallacht Ghnó

**Daoine sa Ghnó**

**Ceist 1**

*Is é mianach an chaidrimh idir na páirtithe leasmhara a chinneann dul chun cinn aon fhiontair.*

**(A)** Déan cur síos ar chaidreamh iomaíoch agus ar chaidreamh comhoibritheach idir bheirt táirgeoirí atá sa chineál céanna gnó. Bain úsáid as samplaí cuí chun tacú le do fhreagra.
(15 marc)

**(B)** (i) Léirigh na tosca ina mbeadh miondíoltóirí ag sárú an Achta um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí 1980.

(ii) Tabhair breac-chuntas ar an rud a bheadh tomhaltóir i dteideal a fháil dá sárófaí an tAcht. (25 marc)

**(C)** Déan measúnú ar an ról atá ag an gCúirt Oibreachais agus iad ag déileáil le haighnis thionsclaíocha. (20 marc)

**(60 marc)**

**Timpeallacht Intíre /Idirnáisiúnta**

**Ceist 2**

**(A)** (i) Mínigh an téarma 'Cuideachta Thrasnáisiúnta' (CTN).

(ii) Déan cur síos ar na fáthanna le forbairt cuideachtaí trasnáisiúnta in Éirinn.
(20 marc)

**(B)** "Agus an téamh domhanda ag éirí níos follasaí ar fud an domhain, tá ag méadú ar imní daoine maidir le cosaint na timpeallachta."
Léirigh conas a d'fhéadfadh lucht gnó na hÉireann sa lá atá inniu ann níos mó freagrachta a ghlacadh maidir leis an timpeallacht.
(20 marc)

**(C)** Déan measúnú, agus úsáid á baint agat as samplaí, ar na hargóintí i bhfabhar **NÓ** i gcoinne fiontair thráchtála stáit in Éirinn a phríobháidiú.
(20 marc)

**(60 marc)**

## Timpeallacht Intíre/Idirnáisiúnta

### Ceist 3

**(A)** Déan plé ar an tionchar atá ag an Margadh Eorpach Aonair ar ghnó na hÉireann.

(25 marc)

**(B)** Mínigh na feidhmeanna atá ag **dhá** cheann ar bith de na hinstitiúidí Eorpacha seo a leanas.

(i) Parlaimint na hEorpa

(ii) Comhairle na nAirí

(iii) Coimisiún na hEorpa

(20 marc)

**(C)** (i) I gcomhthéacs an Aontais Eorpaigh (AE) déan idirdhealú idir Treoir agus Rialachán.

(ii) Roghnaigh sampla **amháin** de cheachtar acu agus mínigh an cuspóir atá leis.

(15 marc)

**(60 marc)**

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A THABHAIRT AR AIS LEIS AN bhFREAGARLEABHAR INA mBEIDH NA FREAGRAÍ AR ROINN 2 AGUS ROINN 3.**

# ROINN 3

## Cuid 2

## Fiontraíocht

| **Fiontraíocht / Bainistíocht** |
|---|

### Ceist 4

**(A)** "Is iad a bheith cinntitheach, cruthaitheach agus sásta dul i riosca na tréithe pearsanta a bhaineann go minic le fiontraithe."
Déan plé ar na tréithe sin agus bíodh samplaí agat mar thacaíocht le do fhreagra.
(15 marc)

**(B)** Déan cur síos ar na bacainní ar chumarsáid éifeachtach i bhfiontar gnó agus déan moltaí maidir leis na modhanna a bhféadfadh gnólacht leas a bhaint astu chun **dhá** cheann de na bacainní sin a shárú. (25 marc)

**(C)** Déan measúnú ar méid a chuireann Rialú Stoic agus Rialú Creidmheasa le bainistíocht gnólacht rathúil. Bain úsáid as samplaí i do fhreagra. (20 marc)

**(60 marc)**

| **Bainistíocht** |
|---|

### Ceist 5

| *Tá daoine i gceartlár gach gnólacht rathúil.* |
|---|

**(A)** Is feidhmeanna tábhachtacha de chuid Bainisteoir Acmhainní Daonna iad <u>Measúnú Feidhmíochta</u>, <u>Oiliúint & Forbairt</u> agus <u>Bainistiú an Chaidrimh idir Fostóirí agus Fostaithe</u>.

Mínigh na feidhmeanna a bhfuil líne fúthu thuas agus déan anailís ar na buntáistí a bhaineann le **dhá** cheann díobh in eagraíocht gnó. (25 marc)

**(B)** Tabhair breac-chuntas ar na luachanna saothair éagsúla a úsáidtear i ngnólacht chun fostaithe a spreagadh. (15 marc)

**(C)** Déan cur síos ar **dhá** straitéis a d'fhéadfadh eagraíocht gnó a úsáid chun athruithe a bhainistiú. Bíodh samplaí agat chun tacú le do fhreagra. (20 marc)

**(60 marc)**

**Gnó i nGníomh**

**Ceist 6**

**(A)** "Tá cosúlacht idir gnólacht a bhainistiú agus teaghlach a bhainistiú i réimse an airgeadais agus i réimse an chánachais."
Déan plé ar an ráiteas seo agus bíodh samplaí agat le tacú le do fhreagra. (20 marc)

**(B)** (i) Mínigh an téarma 'bainistíocht riosca'.

(ii) Léirigh **trí** mhodh is féidir a úsáid chun riosca a laghdú i ngnólacht. (20 marc)

**(C)** Léirigh an tionchar atá ag na teicneolaíochtaí nua ar dheiseanna gnó. (20 marc)

**(60 marc)**

**Gnó i nGníomh**

**Ceist 7**

**(A)** Tabhair breac-chuntas ar na buntáistí a bhainfeadh gnólacht nua as Plean Gnó a ullmhú.
(15 marc)

**(B)** Tá Déantúsaíocht Gluaisteán Tta ag smaoineamh ar tháirge nua a chur ar fáil.
Tá an gnólacht tar éis na figiúirí seo a leanas a chur ar fáil:

| | |
|---|---|
| *Costais Sheasta* | *€200,000* |
| *Costais Athraitheacha de réir an Aonaid* | *€5* |
| *Costas Díola* | *€15* |
| *Réamhaisnéis faoi Aschur (Díolacháin)* | *30,000 Aonad* |

(i) Léirigh iad seo le cairt mheá ar mheá:

(a) An Pointe Meá ar Mheá

(b) Brabús ag réamhaisnéis an aschuir

(c) An Lamháil Sábháilteachta ag réamhaisnéis an aschuir.

(ii) Mínigh 'Lamháil Sábháilteachta'. (30 marc)

**(C)** Déan measúnú ar thábhacht 'Staidéar Indéantachta' agus 'Forbairt Fréamhshamhla' i bpróiseas forbartha táirge nua de do rogha féin. (15 marc)

**(60 marc)**

**NÁ DÉAN DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A THABHAIRT AR AIS LEIS AN bhFREAGARLEABHAR INA mBEIDH NA FREAGRAÍ AR ROINN 2 AGUS ROINN 3.**

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán